# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2017

## OIDEACHAS REILIGIÚNACH – GNÁTHLEIBHÉAL

An Líon Iomlán Marcanna: 400

DÉARDAOIN, 15 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 go 4.00

## *Treoracha Ginearálta d'Iarrthóirí*

1. Scríobh do SCRÚDUIMHIR sa bhosca seo:
2. SCRÍOBH NA FREAGRAÍ UILE SA FHREAGARLEABHAR SEO.
3. NÍ MÓR DUIT TABHAIRT FAOI GACH CEANN DE NA 4 ROINN AR AN bPÁIPÉAR SEO.

***Don Fheitheoir Amháin***

*Stampa an Ionaid*

***Don Scrúdaitheoir Amháin***

| Ceist | Marc |
|---|---|
| ROINN 1 | |
| ROINN 2 | |
| ROINN 3 | |
| ROINN 4 Ceist 1 | |
| ROINN 4 Ceist 2 | |
| ROINN 4 Ceist 3 | |
| ROINN 4 Ceist 4 | |
| ROINN 4 Ceist 5 | |
| ROINN 4 Ceist 6 | |
| Marc ar an bPáipéar | |
| Bónas as freagairt trí Ghaeilge | |
| Iomlán | |
| Marc ar an Dialann | |
| Móriomlán | |

| | |
|---|---|
| 1. Móriomlán na n-iomlán bun leathanaigh | |
| 2. Móriomlán ar na ceisteanna uile a dícheadaíodh | |
| 3. An marc iomlán a bronnadh (1 lúide 2) | |
| Nóta: Ní mór don mharc i sraith 3 thuas a bheith cothrom leis an marc sa bhosca 'Marc ar an bPáipéar' thall. | |

## ROINN 1

(80 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 20 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

NÍ MÓR DUIT **DEICH** gCINN DEN FHICHE CEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT. SNA CEISTEANNA INA nIARRTAR ORT TIC ✓ A CHUR SA BHOSCA CUÍ, NÁ CUIR TIC ACH I mBOSCA **AMHÁIN.**

**(Tá 8 marc ag gabháil le gach ceist)**

**1.** I dtraidisiúin reiligiúnacha is é atá i gceist le maithiúnas ná ______________________________

__________________________________________________________________________________

**2.** I dtraidisiúin reiligiúnacha is é is midheamhain (machnamh) ann ná cineál urnaí.

(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

FÍOR ☐ BRÉAGACH ☐

**3.** Léigh liosta na n-áiteanna adhartha agus liosta na reiligiún domhanda thíos. Mar shampla duit rinneadh áit adhartha amháin a mheaitseáil leis an reiligiún domhanda is mó a bhfuil baint aige léi. Déan meaitseáil **amháin** eile.

| *Áiteanna Adhartha* | *Reiligiúin Dhomhanda* |
|---|---|
| Eaglais | An Búdachas |
| Mosc | An Chríostaíocht |
| Sionagóg | An Hiondúchas |
| Teampall | An tIoslamachas |
| Vihara | An Giúdachas |

| | *Áit Adhartha* | *Reiligiún Domhanda* |
|---|---|---|
| *Sampla:* | *Eaglais* | *An Chríostaíocht* |
| *Freagra:* | | |

**4.** I dtraidisiúin reiligiúnacha is é a chiallaíonn seanmóireacht ná __________________________

__________________________________________________________________________________

**5.** Tugadh Irimia ar dhuine amháin de na soiscéalaithe a scríobh na Soiscéil.

(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

FÍOR ☐ BRÉAGACH ☐

**6.** Íomhá de Dhia a bhaineann le mór-reiligiún domhanda amháin ná rí.
Ainmnigh íomhá **eile** de Dhia a bhaineann le mór-reiligiún domhanda.

__________________________________________________________________________________

**7.** Sampla amháin de shacraimint Chríostaí is ea an Eocairist. Ainmnigh sampla **eile** de shacraimint Chríostaí. ______________________________________________________________

**8.** Is tréimhse í an Aidbhint a bhfuil an bhaint is mó aici leis an bhféilire reiligiúnach i gceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda. Cé acu **ceann** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas a bhfuil an bhaint is mó aige léi? (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

AN CHRÍOSTAÍOCHT ☐ AN HIONDÚCHAS ☐ AN GIÚDACHAS ☐

**9.** I dtraidisiúin reiligiúnacha is é a chiallaíonn coinsias duine ná __________________________

__________________________________________________________________________________

**10.** Beirt dheartháireacha darbh ainm Séamas agus Eoin a bhí i measc na n-aspal a ghairm Íosa Nazórach. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

FÍOR ☐ BRÉAGACH ☐

**11.** Toisc amháin a théann i bhfeidhm ar chleachtadh reiligiúnach ná ________________________

________________________________________________________________________________

**12.** Cé acu **duine** de na daoine seo a leanas a raibh an bhaint is mó aige le bunú pobail Luath-Chríostaí? (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

ISEÁIA ☐ HÓISÉ ☐ PÓL ☐

**13.** Is reiligiún domhanda é an Chríostaíocht a bhfuil an bhaint is mó aige leis an ildiachas. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

FÍOR ☐ BRÉAGACH ☐

**14.** Gné amháin den adhradh ná an rannpháirtíocht. Luaigh gné **eile** den adhradh. ____________

________________________________________________________________________________

**15.** Cé acu **ceann** de na háiteanna seo a leanas sa Phalaistín inar rugadh Íosa?

(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

AN BHEITHIL ☐ IARÚSAILÉIM ☐ NAZARAT ☐

**16.** Sa Bhúdachas is é atá i gceist le Sangha ná pobal de mhanaigh agus de mhná rialta. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

FÍOR ☐ BRÉAGACH ☐

**17.** Tréith a bhaineann le pobal creidimh ná an comhoibriú. Luaigh tréith **eile** a bhaineann le pobal creidimh. ______________________________________________________________

________________________________________________________________________________

**18.** Agus cinneadh á dhéanamh faoi cad atá ceart nó mícheart maidir le saincheist a chiallaíonn 'údarás' caithfear eagna/gaois daoine eile a aithint. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

FÍOR ☐ BRÉAGACH ☐

**19.** Cé acu **ceann** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas a bhfuil an bhaint is mó aige le searmanas an tSnáithe Bheannaithe? (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

AN BÚDACHAS ☐ AN HIONDÚCHAS ☐ AN tIOSLAMACHAS ☐

**20.** Ba é an Sainidrín an chúirt reiligiúnach Ghiúdach sa Phalaistín in aimsir Íosa Nazórach.

(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

FÍOR ☐ BRÉAGACH ☐

## ROINN 2

(60 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 20 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

ROGHNAIGH **TRÍ** CINN DE NA CEITHRE GHRIANGHRAF SEO A LEANAS AGUS FREAGAIR NA CEISTEANNA A GHABHANN LEO. **(Tá 20 marc ag gabháil le gach ceist)**

**Ceist 1.** **Is grianghraf é seo de phobal creidimh.**



*(Foinse: Arna oiriúnú ó http://londonmandir.baps.org)*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** ón ngrianghraf a thugann le tuiscint gur pobal creidimh é seo.

______________________________________________

______________________________________________

(6 mharc)

**B.** I bpobal creidimh is é atá i gceist le glao ná gairm chun __

______________________________________________

(6 mharc)

**C.** Luaigh cúis **amháin** a mbíonn róil éagsúla ag baill laistigh de phobal creidimh.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

(8 marc)

**Ceist 2.** **Is grianghraf de dhaoine é seo agus creideamh reiligiúnach á léiriú acu.**



*(Foinse: http://article.wn.com)*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** ón ngrianghraf seo a thugann le tuiscint go bhfuil creideamh reiligiúnach á léiriú ag na daoine seo. ______________________________

______________________________________________

(6 mharc)

**B.** I dtraidisiúin reiligiúnacha is é a chiallaíonn an t-aondiachas ná creideamh in aon Dia amháin.

(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

FÍOR ☐ BRÉAGACH ☐ (6 mharc)

**C.** Luaigh sampla **amháin** den chaoi a mbíonn an t-aondiachas á léiriú ag na baill de mhór-reiligiún domhanda.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

(8 marc)



Don Scrúdaitheoir Amháin

+ =

**Ceist 3.** **Tá an pictiúr seo bunaithe ar chuntas Soiscéil den chompántas boird i saol Íosa Nazórach.**



*(Foinse: 'Christ at Emmaus' ó Walter Rane )*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** ón bpictiúr a thugann le tuiscint gur sampla é seo d'Íosa agus compántas boird á chleachtadh aige.

______________________________________________

______________________________________________

(6 mharc)

**B.** Cé acu **duine** de na daoine seo a leanas ar chleacht Íosa compántais boird leis? (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

ZACHÁIAS ☐ ZEDEKIAH ☐ ZAFAINIÁ ☐ (6 mharc)

**C.** Luaigh tréith **amháin** de chuid tréithe Ríocht Dé a mhúin Íosa dá dheisceabail tríd an gcompántas boird.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

(8 marc)

**Ceist 4.** **Is grianghraf é seo de dhaoine atá ag seasamh le chéile in aice le coinnle lasta atá curtha le chéile ar shlí ina gcumtar an focal 'SÍOCHÁIN'.**



*(Foinse: www.hurriyetdailynews.com)*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** ón ngrianghraf seo a thugann le tuiscint go bhfuil an tsíocháin á cur chun cinn ag na daoine seo.

______________________________________________

______________________________________________

(6 mharc)

**B.** Tabhair sampla **eile** de shlí ina mbíonn baill de reiligiún domhanda ag obair ar son na síochána. _______________

______________________________________________

______________________________________________

(6 mharc)

**C.** Luaigh cúis **amháin** a mbíonn baill de reiligiún domhanda ag obair ar son na síochána.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

(8 marc)

## ROINN 3

(60 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 20 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

*Thíos tá bord moltaí ar féidir le scoláirí tuairimí a chur air faoin áit inar féidir teacht ar bhrí na beatha sa lá atá inniu ann.*

LÉIGH NA MOLTAÍ THÍOS GO CÚRAMACH AGUS FREAGAIR NA CEISTEANNA **GO LÉIR** INA nDIAIDH:

BORD MOLTAÍ — *Tá brí na beatha le fáil sna nithe seo a leanas:*




*...is é an ceol a léiríonn na mothúcháin nach féidir liom a chur i bhfocail ... Jo*




*...nuair a éiríonn go maith liom — an mothúchán is fearr ar domhan ná an bua a fháil! ... Sam*

*... ag dul i mbun oibre a gcuirim spéis inti .... Pat*

*...nuair a bhím cruthaitheach agus nuair a dhéanaim nithe a bhíonn ag teastáil ó dhaoine eile ...Ger*



*...nuair is eol dom nach bhfuilim i m'aonar trí bheith ag labhairt le daoine eile... Alex*

*(Foinsí: Softkey Multimedia Inc.; http://blog.gainesvillecoins.com;homecarecalgary.com;huffingtonpost.com)*

**1.** Mínigh i d'fhocail féin cén fáth a bhféadfadh duine atá ag cuardach bhrí na beatha díriú ar cheann **amháin** de na moltaí a thugtar thuas.

____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________

(12 mharc)

**2.** Tá sé tábhachtach am a ghlacadh chun machnamh a dhéanamh nuair atá tú ag cuardach bhrí na beatha mar ______________________________________________________

_______________________________________________________________________

(8 marc)



| Don Scrúdaitheoir Amháin | | |
| --- | --- | --- |
| | + | = |

**3.** *Cuireann daoine óga ceisteanna faoi bhrí na beatha sa lá atá inniu ann ar shlite éagsúla.* Cuir tic ✓ le ceann **amháin** díobh seo a leanas agus déan cur síos ar conas a chuirtear ceist faoi bhrí na beatha sa tslí seo sa lá atá inniu ann:

AN EALAÍN ☐ AN SCANNÁNAÍOCHT ☐ AN CEOL ☐ NA LEABHAIR ☐

___

___

___

___

___

___

___

___

___

___

___

(14 mharc)

**4.** a. Cé acu **ceann** díobh seo a leanas a thugann freagraí neamhreiligiúnacha ar cheisteanna faoi bhrí na beatha? (Cuir tic ✓sa bhosca cuí)

AN DAONNACHAS ☐ AN tÉACÚIMÉINEACHAS ☐ (8 marc)

b. Mínigh slí **amháin** ina bhféadfadh creideamh reiligiúnach cuidiú le duine agus é/í ag cuardach bhrí na beatha sa lá atá inniu ann.

___

___

___

___

___

___

___

___

___

___

___

___

___

(18 marc)

## ROINN 4

(200 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 60 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

FREAGAIR **CÚIG** CINN DE NA SÉ CHEIST SEO A LEANAS**.**

**(Tá 40 marc ag gabháil le gach ceist)**

### Ceist 1. POBAIL CHREIDIMH

**A.** a. Is ord rialta é ord na Siúracha Cairmeileacha atá in Éirinn sa lá atá inniu ann.
Ainmnigh ord rialta **eile** atá in Éirinn sa lá atá inniu ann.

________________________________________

(8 marc)

b. ● TIOMANTAS ● SEIRBHÍS

Déan cur síos ar shampla ar conas a d'fhéadfaí **gach** ceann díobh seo thuas a fheiceáil i bpobal creidimh a ndearna tú staidéar air.

TIOMANTAS: ________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

SEIRBHÍS: ________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

(12 mharc)

**B.** a. Mínigh cúis **amháin** a dtarlódh cliseadh pobail laistigh de phobal creidimh.

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________



*Don Scrúdaitheoir Amháin*

+ =

(10 marc)

b. Mol slí **amháin** ina bhféadfadh pobal creidimh oibriú chun cliseadh pobail a shárú.

(10 marc)

**Ceist 2.** **BUNÚS AN REILIGIÚIN — AN CHRÍOSTAÍOCHT**

**A.** a. Tabhair breac-chuntas ar cad a tharla, de réir na Soiscéal, i míorúilt **amháin** a rinne Íosa.

(10 marc)

b. Tabhair breac-chuntas ar an méid a mhúin Íosa dá lucht leanúna faoi Ríocht Dé trí mhíorúilt a rinne sé.

*Ainm na míorúilte:* ______________________________

______________________________
______________________________
______________________________
______________________________
______________________________
______________________________
______________________________
______________________________
______________________________
______________________________
______________________________

(10 marc)

**B.** a. Ceann amháin de na húdaráis reiligiúnacha na nGiúdach sa Phalaistín in aimsir Íosa ba ea — (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

NA FARÓNNA ☐ NA FAIRISÍNIGH ☐ (8 marc)

b. Mínigh cúis **amháin** a raibh aighneas idir údaráis reiligiúnacha na nGiúdach agus Íosa de bharr míorúilt a rinne sé.

______________________________
______________________________
______________________________
______________________________
______________________________
______________________________
______________________________
______________________________
______________________________
______________________________
______________________________
______________________________
______________________________
______________________________

(12 mharc)

## Ceist 3. BUNÚS AN REILIGIÚIN — NA MÓR-REILIGIÚIN DHOMHANDA

**A.** Cuir tic ✓ le ceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas a ndearna tú staidéar air:

AN BÚDACHAS ☐ AN HIONDÚCHAS ☐ AN tIOSLMACHAS ☐ AN GIÚDACHAS ☐

a. Ainmnigh téacs atá diaga do na baill den reiligiún domhanda ar chuir tú tic leis thuas.

____________________________________________

(8 marc)

b. Mínigh cúis **amháin** a mbreathnaítear ar an téacs diaga a d'ainmnigh tú i gcuid A*a)* thuas mar dhoiciméad creidimh.

____________________________________________

(10 marc)

c. Déan cur síos ar cad a tharla le linn céim **amháin** i bhforbairt an téacs dhiaga a d'ainmnigh tú i gcuid *Aa)* thuas.

____________________________________________

(10 marc)



Don Scrúdaitheoir Amháín

+ =

**B.** Tabhair breac-chuntas ar cad a tharla le linn tréimhse nuair a tháinig forbairt ar cheann **amháin** de na reilgiúin dhomhanda seo a leanas:

♦ AN BÚDACHAS ♦ AN HIONDÚCHAS ♦ AN tIOSLAMACHAS ♦ AN GIÚDACHAS

*Ainm an reiligiúin dhomhanda:* ______________________________

(12 mharc)

## Ceist 4. CEIST AN CHREIDIMH

**A.** a. Tréith a bhfuil baint aici le creideamh na hóige ná iontaoibh shimplí.

(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

FÍOR ☐ BRÉAGACH ☐ (8 mharc)

b. Déan cur síos ar thréith **amháin** a bhfuil an bhaint is mó aici le creideamh aibí a bheith agat.

(10 marc)

**B.** a. Déan cur síos ar an gcaoi a bhfuil mór-reiligiúin dhomhanda éagsúla scaipthe ar fud na hEorpa sa lá atá inniu ann.

(10 marc)

b. Tabhair breac-chuntas ar ghné **amháin** a d'imir tionchar ar an gcaoi a bhfuil mór-reiligiúin dhomhanda éagsúla scaipthe ar fud na hEorpa sa lá atá inniu ann.

(12 mharc)

**Ceist 5. CEILIÚRADH AN CHREIDIMH**

**A.** a. *Is áit ina mbíonn cleachtadh reiligiúnach í Abhann na Gainséise san India do na baill de mhór-reiligiún domhanda sa lá atá inniu ann.*

Ainmnigh áit éigin **eile** ar leith a bhfuil baint aici le cleachtadh reiligiúnach na mball de mhór-reiligiún domhanda sa lá atá inniu ann.

AINM NA hÁITE: ______________________________

MÓR-REILIGIÚN DOMHANDA: ______________________________

(8 marc)

b. Mínigh **dhá** chúis a bhfuil an áit a d'ainmnigh tú i gcuid A*a)* thuas bainteach le cleachtadh reiligiúnach na mball de mhór-reiligiún domhanda sa lá atá inniu ann.

i. ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

ii. ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

(12 mharc)

**B.** a. Léigh liosta na n-urnaithe agus liosta na reiligiún domhanda thíos. Déan urnaí **amháin** a mheaitseáil leis an reiligiún domhanda a bhfuil an bhaint is mó aige léi.

| *Urnaithe* | *Reiligiúin Dhomhanda* |
|---|---|
| An Seama | An Búdachas |
| An Paritta | An Chríostaíocht |
| An Shahada/Shahadah | An Hiondúchas |
| An Rig Véide | An tIoslamachas |
| Ár nAthair/Paidir an Tiarna | An Giúdachas |

*Freagra:*

| *Urnaí* | *Reiligiún Domhanda* |
|---|---|
| | |

(8 marc)



Don Scrúdaitheoir Amháin

+ =

b. Mínigh **dhá** shlí inar féidir le hurnaí phobail a bheith tairbheach do na baill de mhór-reiligiún domhanda.

i. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

ii. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

(12 mharc)

## Ceist 6. AN DÚSHLÁN MORÁLTA

**A.** a. *Bíonn cúiseanna éagsúla ag daoine maidir le cinneadh a dhéanamh faoi cad tá ceart agus mícheart i gcás ar leith.*

*Jo*: *Tá sé mícheart nach n-imríonn tú de réir rialacha an chluiche.*

*Sam*: *Ní dhearna mé aon rud mícheart. Briseann gach duine na rialacha!*

Cuir tic ✓ sa bhosca thíos a mheaitseálann ráiteas Sam faoin gcúis ar a bhfuil an cinneadh, faoi cad atá morálta, bunaithe. Mar shampla duit, rinneadh ráiteas Jo a mheaitseáil leis an gcúis le cinneadh a dhéanamnh faoin rud atá morálta, ar a bhfuil sí bunaithe.

| *An chúis le cinneadh a dhéanamh faoin rud atá morálta, ta sí bunaithe ar —* | JO | SAM |
|---|---|---|
| COMHCHLEACHTADH | | |
| DLÍ AGUS ORD | ✓ | |
| IARMHAIRTÍ PEARSANTA | | |

(8 marc)



Don Scrúdaitheoir Amháin

+ =

b. Cuir tic ✓ le ceann **amháin** díobh seo a leanas agus mínigh conas a d'fhéadfadh sé tionchar a imirt ar dhuine maidir le cad tá ceart nó mícheart i gcás ar leith:

AN BAILE ☐ AN PIARGHRÚPA ☐ AN SCOIL ☐

(16 mharc)

**B.** Déan cur síos ar shampla **amháin** ar conas is féidir le tuairim an duine faoina bhfuil ceart agus mícheart athrú de réir mar a théann sé/sí in aibíocht go morálta.

(16 mharc)